

Aighneacht Gaeloideachas ar Ráiteas Straitéise 2019-2021 chuig An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nollaig 2018

Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna mar fhreagairt do chuireadh ar aighneachta mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an Ráiteas Straitéise 2019-2021.

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis ionchur a bheith acu sa phróiseas, agus ach go háirithe mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, mar aon le na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

Ról Gaeloideachas

Bunaíodh Gaeloideachas mar Gaelscoileanna Teo. sa bhliain 1973, mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Tá Gaeloideachas ag feidhmiú ó lúil 2014 sa mhór-réimse *Gaeloideachas, Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge*, a chuimsíonn tacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht do naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

An Clár don Rialtas Comhpháirtíochta

Is é an rud is suntasaí sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, sa pháipéar comhairliúcháin agus sa Ráiteas Straitéise 2019-2021 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ná **nach bhfuil aon tagairt déanta don Ghaeilge ná don oideachas lán-Ghaeilge ná d’oideachas Gaeltachta sa chaibidil a dhíríonn ar chúrsaí oideachais**. Leagtar amach ar leathanach 145 den Chlár Rialtais spriocanna an Rialtais i leith na Gaeilge. Cé go bhfáiltítear roimh an aitheantais atá tugtha ar thábhacht na Gaeilge, níl aon sonraí ná eolas ann faoi cén chaoi a neartófar an teanga, ná cén infheistíocht a dhéanfar inti.

Maítear go ndéanfaí an An Stráiteas fiche Bhliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm go córasach, ach ní leagtar amach an cur chuige feidhmitheach ina leith.

Sa bhreis ar seo níl aon tagairt don Pholasaí Oideachais Gaeltachta sa Chlár Rialtas Comhpháirtíochta.

Forbairt Ráiteas Straitéise

Leagtar amach thíos moltaí Gaeloideachas maidir le straitéisí, gnímh agus an t-infreastruchtúr tacaíochta atá de dhíth chun feabhas agus forbairt a dhéanamh ar an gcóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Luathbhlianta

Is earnáil fíorluachmhar, ach fíorleochaileach atá san earnáil luath-óige trí mheán na Gaeilge, agus tá dualgas ar an Stát a chinntiú nach ndéanfaí fáil orthu ná imeallú ag an am go bhfuil infheistíocht suntasach á déanamh san earnáil trí chéile go córasach.

Tá gá le struchtúr tacaíochta cuí do naíonraí le cinntiú go mbeadh deis ag gach páiste freastal ar naíonra, agus leanúint sa chóras tumoideachais tríd an córas scolaíochta dá má mhian leo é.

An Chéad 5

Mar eagraíocht a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil d'earnáil na luathbhlianta lasmuigh den Ghaeltacht agus a dhéanann abhcóideacht ar son cearta leanaí agus a dtuismitheoirí, b'ábhar díomá a bhí sa straitéis *An Chéad 5* ó thaobh soláthar cuí don chúram agus don oideachas luath-óige trí mheán na Gaeilge.

I dtaobh ábhar na straitéise, níl ach trí thagairt san iomlán don Ghaeilge:

1. Beart Straitéiseach 8.2;
2. Beart Straitéiseach 8.3, agus;
3. Ráiteas ginearálta maidir leis an nGaeilge faoi Cuspóir 8, a deir go bhfuil

"... raon de thacaí do leanaí atá ag freastal ar ionaid ELC a ritear trí mheán na Gaeilge leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta 5-Bliana don Ghaeilge 2018-2022."

Ar an iomlán déanann na bearta straitéiseacha 8.2 agus 8.3 imeallú ar leanaí sa chóras meán-Ghaeilge, agus laghdaíonn siad a gcearta i gcomparáid le leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta meán-Bhéarla.

Molann Gaeloideachas go ndéanfaí Beart Straitéiseach 8.2 a leasú le cearta leanaí uile na tíre a chosaint: *Tabhair isteach bearta chun deimhniú go mbíonn teacht ag leanaí ar sholáthar ELC i nGaeilge gurb é rogha a dtuismitheoirí é dá gcuid páistí.*

Molann Gaeloideachas go ndéanfaí Beart Straitéiseach 8.3 a leasú le cearta leanaí uile na tíre a chosaint: *Forbair córais chun tacaí a chur ar fáil san ELC i nGaeilge le cearta na leanaí ann atá ag foghlaim trí mheán na Gaeilge a chosaint.*

Phlean Gníomhaíochta 5-Bliana don Ghaeilge 2018-2022

Maidir le cur i bhfeidhm *Plean Gníomhaíochta 5-Bliana don Ghaeilge 2018-2022*, mar a luaitear faoi Cuspóir 8 de straitéis *An Chéad 5*, is beag atá ann maidir leis an earnáil lasmuigh den Ghaeltacht.

Maidir le Gníomh 3.9, molaimid go bhforbrófar cairt custaiméara ar leith do na naíonraí maidir leis na seirbhísí agus acmhainní a chuirfidh an Stáit agus gníomhairí Stáit ar fáil dóibh ina dteanga oibre. Molaimid go ndéanfadh an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta (féach Gníomh 3.10) maoirseacht ar an obair seo.

Maidir le Gníomh 3.10, molaimid go mbunófaí an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta gan a thuilleadh moille, agus go n-aithneofar stádas agus údarás an ghrúpa céanna. Molaimid chomh maith go mbeadh ionadaíocht ag Oifig an Choimisinéara Teanga ar an ngrúpa.

Tá Gníomh 3.14 ar bun ag Gaeloideachas ó 2014 i leith, ach ar bhonn teoranta. Baineadh 100% den maoiniú a chuir an RLGÓ ar fáil d'earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge sa bhliain céanna. De réir an Phlean Gníomhaíochta, níl sé i gceist Gaeloideachas a chumasú le freagairt dá dualgais sa réimse seo trí maoiniú a chur ar fáil arís ón RLGÓ. Molaimid go ndéanfar athbhreithniú ar an gceist seo agus go gcuirfí maoiniú cuí ar fáil do Gaeloideachas le freastal ar riachtanais na naíonraí.

Leanúnachas ón naíonra go dtí an bhunscoil

Aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fíorthábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge. Leagann an-chuid bunscoileanna lán-Ghaeilge an-bhéim ar an eispéireas foghlama seo agus molann Gaeloideachas go mbeidh sé de chead agus de cheart acu leanúint leis an gcleachtas seo chun leasa an chórais luath-thumoideachais.

Tá tábhachtach ar leith ag baint leis an leanúnachas chun go leanfar le rogha oideachais an tuismitheora dá bpáistí agus rogha an pháiste, chun go gcaomhnófar an teanga agus chun go n-ardófar stádas na teanga i súile an pháiste.

Freastalaíonn formhór páistí na scoileanna lán-Ghaeilge ar naíonra agus méadaítear buntáistí an luath-thumoideachais dá réir. Is iondúil go mbíonn naíonra lonnaithe ar shuíomh na bunscoile agus cuirtear an-bhéim ar an ngaol comhoibritheach seo agus an leanúnachas idir an dá institiúid oideachais. I gcás scoileanna nach leagann béim ar fhreastal ar naíonra, is iondúil go mbaineann sé seo le heaspa soláthair naíonra sa cheantar, nó naíonra a bhfuil ró-éileamh air agus ganntanas spáis.

Creidimid go bhfuil an chéim seo sa chontanam oideachas agus sóisialú trí Ghaeilge riachtanach.

Molann Gaeloideachas leasú ar an bhfoclaíocht i dtaobh an Bhille:

(e) provide that the school shall not, when deciding on an application to the school, or when placing a student on a waiting list for admission to the school, consider or take into account any of the following:

- (i) a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, other than in relation to a student's prior attendance at—
 - (I) an early intervention class, or
 - (II) an early start pre-school, or
 - (III) an ECCE pre-school programme through the medium of Irish in the case of admission of a student to an Irish-medium primary school.

Aitheantas do scoileanna nua

Tá Gaeleideachas ag lorg comhairliúcháin leis an ROS maidir le leasú ar an gcóras le pátrúin a roghnú ó 2016 i leith, ar an mbunús go gcuireann an próiseas reatha bac ar forbairt an oideachais lán-Ghaeilge.

D'oscail 20 bhunscoil lán-Ghaeilge nua ó 2003-2008, ach níor ceadaíodh ach 7 sa tréimhse 2011-2016 i ndiaidh don córas nua teacht i bhfeidhm. Rogha an mhionlaigh atá san oideachas lán-Ghaeilge, agus beidh na tuismitheoirí a roghnaíonn dá bpáistí é faoi mhíbhuntáiste i dtaobh cinneadh maidir le pátrúnacht ar bhonn uimhreacha.

Níl an cur chuige reatha ag teacht le réadú bheartais an Stáit. In 2016 agus 2017, rinne An Coimisinéir Teanga imscrúdú ar an bpróiseas a úsáideadh le pátrún a roghnú don scoil nua le freastal ar cheantair Marino, Droim Conrach agus BÁC1. De réir toradh an imscrúdaithe:

Ní raibh forálacha teanga an Achta Oideachais, chomh fada agus a bhain sé le riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí, comhlíonta go cuí sa phróiseas a feidhmíodh chun pátrún a cheapadh.

Ní raibh an cur chuige a bhí in úsáid ag an ROS ag teacht le réadú bheartais an Stáit i leith leathadh an dátheangachais sa tsochaí. Tá na beartais sin le fáil sa Ráiteas i leith na Gaeilge a d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann sa bhliain 2006 agus sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a foilsíodh sa bhliain 2010.

Rinne An Coimisinéir Teanga trí mholadh don ROS le gníomhú orthu:

- i go bhféachfadh an ROS athuair ar an éileamh ar oideachas ilchreidmheach trí mheán na Gaeilge sa cheantar;
- ii go dtabharfadh an ROS cuntas d'Oifig an Choimisinéara ar aon chéimeanna a bhí i gceist a thógáil chun an t-éileamh sin a shásamh laistigh de 6 mhí ó dháta na tuarascála imscrúdaithe, agus;
- iii go gcloífi feasta leis na dualgais reachtúla teanga sa phróiseas trína mbronntar pátrúnacht.

Ghníomhaigh an ROS ar i agus ii thuas, ach ainneoin gur cuireadh leasaithe áirithe i bhfeidhm ar an bpróiseas, níl iii curtha i gcrích ina iomláine. Dá réir, is féidir go ndéanfar achomharc faoin ndlí ar chinntí maidir le pátrúnacht a dhéantar trí próiseas go bhfuil sé deimhnithe nach bhfuil ag teacht le réadú bheartais an Stáit i leith leathadh an dátheangachais sa tsochaí.

Mar fhreagra ar mholadh iii, mar chuid den phróiseas measúnaithe atá ag an ROS tugtar rogha faoi leith do thuismitheoirí faoi mheán teagaisc na scoileanna nua molta, neamhspleách ar an rogha pátrúin a bheadh acu. Ach:

- níl sainmhíniú déanta ag an ROS ar cad is leibhéal inmharthana éileamh ó thuismitheoirí ar oideachas lán-Ghaeilge, agus;
- ní lorgaíonn an ROS aon chruthúnas ó phátrúin ionchasacha go mbeidh sé ar a gcumas oideachas lán-Ghaeilge ar ard chaighdeán a sholáthar.

Sa freagra scríofa a thug an ROS ar imscrúdú an Choimisinéara ar an 12 Aibreán 2018, dheimhnigh an ROS go dtabharfaí faoi athbhreithniú ar an bpróiseas le go dtabharfaí éileamh ar oideachas lán-

Ghaeilge san áireamh go comhréireach, agus go ndéanfaí comhairliúcháin leis an GBSN agus na pátrúin maidir le seo. Níor tugadh faoin gcomhairliúcháin céanna.

Chuimsigh an freagra ar an imscrúdú moladh go bhfeadfaí níos mó ná scoil amháin a bhunú i limistéar pleanála scoile ar leith dá mbeadh cruthúnas ann ar éileamh orthu, sé sin go mbainfeadh líon na roghanna le haghaidh oideachas lán-Ghaeilge amach comhréir faoi leith de líon roghanna an fhoras pátrúnachta a fuair an líon is airde de chéad rogha na dtuismitheoirí. Luadh 35% mar paraiméadar comhréire dó seo. Níl an moladh seo san áireamh sa phróiseas le pátrúin a roghnú don 12 bhunscoil atá le bunú i 2019.

Aonaid lán-Ghaeilge ag an Iar-bhunleibhéal

Tá múnla an aonaid leochaileach, agus tá baol ann d'inharthanacht an tsoláthair agus droch-cháil ar an múnla (agus ar an ngaeloideachas, fiú) dá réir.

Molann Gaeleideachas go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí a fhorbairt:

1. a dhéanann soláthar do na chúinsí éagsúla faoina mbunófar Aonaid;
2. a leagann síos na bunriachtanais maidir le caighdeán an tsoláthair;
3. a shainíonn na tacaíochtaí a chuirfí ar fáil le patrúin a chumasú le dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm, acmhainní foirne agus cóiríochta san áireamh;
4. a shainíonn struchtúr rialachais cuí d'Aonaid, le plé le:
 - Sainmheon;
 - Polasaithe;
 - Curaclam;
 - Riachtanais foirne agus earcaíocht;
 - Riachtanais cóiríochta;
 - Acmhainní, agus;
 - Comhairliúcháin le daltaí agus a dtuismitheoirí.
5. a shainíonn ról an Stiúrthóra, agus na freagrachtaí uirthi/air mar a bhaineann le:
 - Timpeallacht tumoideachais a chruthú agus a neartú, agus a dhéanamh inmhathan.
 - Curaclam agus clár ama;
 - Riachtanais foirne, bainistíocht agus earcaíocht;
 - Forbairt ghairmiúil, agus;
 - Cumarsáid le daltaí agus a dtuismitheoirí.
6. a shainíonn allúntas foirne ar leith d'Aonaid, ag teacht leis an t-allúntas a bheadh ag scoil beag;
7. a shainíonn poist freagrachta ar leith d'Aonaid, bunaithe ar líon na ndaltaí, agus;
8. a dhearbhaíonn go gcuirfidh foireann tacaíochta na scoile (cúntóirí don oideachas speisialta, comhairleoirí, agus eile) seirbhís i nGaeilge ar fáil do dhaltaí an Aonaid;
9. a chuireann maoiniú imfhálaithe ar fáil d'Aonaid;
10. a éilíonn go mbeidh líofacht sa Ghaeilge mar chritéir earcaíochta do bhaill foirne a bheidh ag plé le hAonaid;
11. a thacaíonn le seirbhísí riaracháin agus rúnaíochta trí Ghaeilge a bheith ar fáil d'Aonaid, agus;
12. a leagann síos critéir le stádas a bhaint amach mar scoil neamhspleách.

Tá iar-bhunscoileanna lonnaithe i gceantair Ghaeltachta ach a dhéanann teagasc trí Bhéarla ag díriú anois ar Aonaid lán-Ghaeilge a bhunú, faoi mar a luaitear ar lch. 18 den Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Molann Gaeloideachas go ndéanfadh an Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí a fhorbairt:

- a leagann síos na bunriachtanais maidir le caighdeán an tsoláthair;
- a shainíonn na tacaíochtaí a chuirfí ar fáil le patrúin a chumasú le dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm, acmhainní foirne agus cóiríochta san áireamh, agus;
- a leagann síos amlíne agus critéir le stádas a bhaint amach mar scoil neamhspleách, nó le sainmheon teanga na mátharscoile a athrú, pé acu is cuí.

Maidir le cigireacht ar na hAonaid, molann Gaeloideachas:

- Oiliúint a bheith curtha ar an gCigireacht faoi mhúnla an Aonaid móide polasaí na Roinne ina leith.
- Raon leathan tacaíochta mar threoir agus mar chúnamh don chigireacht forbartha.

Éagsúlacht agus Rogha Tuismitheoirí

Fáiltítear roimh an gheallúint rogha tuismitheora a neartú. Níl aon tagairt áfach sa chlár **d'éagsúlacht teanga**, tríd ár dteanga dhúchas oifigiúil. Tá rogha na héagsúlachta á nascadh le rogha de scoileanna le héiteas creidimh éagsúla; gan aon soiléiriú déanta go bhfreastalaíonn na scoil lán-Ghaeilge go comhuaineach ar an éagsúlacht sainmheon creidimh agus teanga.

Ní mór go mbeadh rogha na gaelscolaíochta ar fáil do gach tuismitheoir agus páiste ar bhonn cearta.

Fágann an próiseas atá ann go mbeidh tuismitheoirí a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí i gcónaí ina mionlaigh, in éagmais aon chóras nó próiseas eile a aithníonn nádúr na hearnála lán-Ghaeilge. De réir na gcritéir reatha beidh sé riamh níos dúshlánaí do thuismitheoirí a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu cothrom na féinne a fháil. Ní féidir bheith ag súil go n-éiríodh le mionlaigh dul chun cinn a dhéanamh i bpróiseas atá curtha le chéile chun leasa an tromlaigh.

Maidir leis an **bpróiseas dífheistithe**, cé go n-aithnímid obair na Roinne sa phróiseas a bhaineann le pleanáil don éagsúlacht i bpátrúnacht scoile, is léir nach bhfreastalaíonn an próiseas ar mhianta tuismitheoirí i leith sainmheon teanga scoile. Níl na sprioc cheantair i próiseas na Roinne ag teacht leis na ceantair ina bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge, agus níl próiseas ann nó tacaíocht ar fáil ón Roinn do scoileanna gur mian leo sainmheon teanga a athrú go Gaeilge.

Soláthar Mhúinteoirí

Fáiltíonn Gaeloideachas roimh an BEd agus an Moid nua a thacaíonn agus a láidríonn an córas oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an dá leibhéal. Ní réiteoidh sé áfach an dúshlán sa ghearr ná sa bhfadtéarma den dúshlán ollmhór atá ag scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí le caighdeán cuí, idir líofacht agus cruinneas, le feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge nó Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Ag an mbunleibhéal, cé gur féidir le múinteoirí a dtoilteanas a chur in iúl tríd an próiseas athiomlonnaithe feidhmiú i suíomh mar seo, níl aon mheicníocht ann le cumas ná oiriúnacht an duine sin a mheas don suíomh lena mbaineann.

Ní mór go mbeidh oiliúint agus cáilíocht chuí ag príomhoidí nua sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta sa réimse oideachais lán-Ghaeilge.

Moltar an **liúntas don teagasc i scoil Gaeltachta / lán-Ghaeilge** a ath-fheidhmiú mar aitheantas ar na riachtanais agus an t-ualach breise atá ar mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge ag cur curaclam trí mheán na Gaeilge i bhfeidhm. Rinneadh fáil ar mhúinteoirí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge deireadh a chur leis an liúntas seo.

Moltar athnuachan a dhéanamh ar na scoláireachtaí Gaeltachta agus lán-Ghaeilge don iar-bhunleibhéal, beart a chabhróidh díriú ar an ngéarchéim ó thaobh soláthar mhúinteoirí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Riachtanais Speisialta Oideachais

Ní aithnítear sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta na bearnaí san infreastruchtúr tacaíochta do riachtanais speisialta sa chóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

1. Ní mór bunoiliúint a bheith ag gach teiripeoir agus síceolaí ar an ilteangachais, ar shaintréithe an chórais oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus ar na tacaíochtaí agus infreastruchtúr atá ag teastáil don pháiste le RSO sa chóras lán-Ghaeilge.
2. Ní mór don ROS tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO.
3. Ní mór tosaíocht a thabhairt do thaighde dhúchasach ar an gceist agus fianaise eolaíoch a bheith ar fáil do thuismitheoirí ina leith.
4. Ní mór don CNOS treoracha soiléire a eisiúint do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta maidir le bunú ranganna speisialta, ag aithint éiteas teangeolaíochta na scoileanna sin.
5. Ní mór seirbhísí urlabhra agus teanga a bheith ar fáil I dteanga dhúchais an linbh / teanga na scoile.
6. Iarrann Gaeleideachas ar an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a chinntiú gur trí Ghaeilge a gcuirfear seirbhísí tacaíochta ar fáil do pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
7. Iarrann Gaeleideachas freisin ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfí an oiliúint inseirbhíse chuí ar mhúinteoirí tacaíochta foghlama chun iad a chumasú lena gcuid dualgas de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm.
8. Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí dhúchais Gaeilge le gur féidir leo cúram a fháil i nGaeilge agus nach gcuirfear le míbhuntáiste an pháiste trí chúram i mBéarla a amháin a thairiscint don pháiste.
9. Moltar go láidir sa mhúnla nua tacaíochta um leithdháileadh acmhainní do Riachtanais Speisialta go dtógfaí riachtanais an chórais lánGhaeilge agus Gaeltachta san áireamh agus go léireodh an liúntas a dháilfí ar na scoileanna seo go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais na bpáistí i dtrí ábhar, sé sin mata, Béarla agus Gaeilge.
10. Tá an-easnamh ann ó thaobh oiliúint chuí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS) chun feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge. Moltar go bhforbrófaí cúrsa FETAC leibhéal 5/6 ach go mbeadh modúil nó, clár iomlán atá dírithe ar an gcóras lánGhaeilge.

11. Moltar an liúntais CRS a leithdháileadh níos luaithe sa bhliain ionas go bhféadfaí riachtanais teanga na gcúntóirí a thógáil san áireamh agus an phleanáil chúí a dhéanamh go mbeidh struchtúr tacaíochta ann do dhaltáí sa chóras lán-Ghaeilge.
12. Iarrann Gaeloideachas ar an Aire a chinntiú go mbeidh ionadaíocht ar bhord an CNOS den earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta le go gcinnteofar go mbeidh guth na hearnála á thógáil san áireamh I gcinntí a bhaineann le hoideachas speisialta.

Stádas na Gaeilge san Ardteist agus Díolúine ón nGaeilge

Is léir go bhfuil an plé poiblí ar stádas agus ar fhiúntas na Gaeilge sa bhfearann poiblí ag cur an teanga i suíomh an-leochaileach. Is údar imní é cur chuige na Roinne ina leith, ach go háirithe ar cheist an díolúine.

Maidir leis an gcomhairliúchán, creideann Gaeloideachas go bhfuil an cur chuige lochtach agus míréasúnta, agus nach bhfuil sé ag teacht leis an taighde a ghabhann leis agus cur chuige níos cothroime agus trédhearcaí.

Tá iarrtha ag páirtithe éagsúla go hoifigiúil ar an Roinn Oideachais síneadh ama a chur leis an bpróiseas, agus is í sin mian Gaeloideachas freisin.

Creideann Gaeloideachas gur chóir go mbeadh na scoileanna T1 san áireamh sa phlé ar dhíolúine ón nGaeilge mar go bhfuil impleachtaí ann dóibh freisin, agus impímid ar an Roinn iad a thabhairt san áireamh sa phlé.

Athbhreithniú ar an Ardteist:

Ar na cúiseanna atá luaite thuas, tá an plé sa bhfearann poiblí faoin nGaeilge éigeantach míchothrom agus ag cruthú míthuiscintí agus dochar don teanga. Impíonn Gaeloideachas ar an CNCM tabhairt faoi phróiseas ceart comhairliúcháin faoin teastas sóisearach nua agus na forbairtí atá á mbeartú don Ardteist. Is gá comhairliúchán agus anailís cuimsitheach ag leibhéal an teastais sóisearaigh sula dtabharfaí faoi leasuithe suntasacha mar a bhaineann le curaclam na Gaeilge ag an Ardteist.

An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

Ní mór buiséad agus struchtúr cuí feidhmiúcháin a aithint agus a fheidhmiú don **Straitéis 20 bliain don Ghaeilge**. Is ábhar éadóchais é a laghad infheistíochta agus tábhachta atá curtha i bhfeidhmiú na straitéise ag leibhéal an Rialtas.

Fáiltítear go mór roimh an deis na moltaí seo a phlé sa chéad chéim eile a bhaineann leis an gcomhairliúchán.

Nollaig 2018